

Uimhreas: Uimhriú agus comhaireamh – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi uimhriú agus comhaireamh?

Is bunscileanna matamaitice iad uimhriú agus comhaireamh. Agus iad ag foghlaim sa réimse seo, forbraíonn páistí straitéisí a chabhróidh leo ina gcomhaireamh. Mar shampla, ag comhaireamh chun tosaigh agus siar, léimchomhaireamh, tobmheas (cinneadh a dhéanamh go tapa cé mhéad míreanna atá i sraith bheag gan an gá a chomhaireamh), fios ar na huimhreacha roimh agus tar éis uimhir ar leith gan an gá a thosú ón gcéad uimhir, agus mar sin de. Má spreagann tú do pháiste airgead a chomhaireamh agus a úsáid i siopaí agus ar líne, is féidir go dtacóidh sin leo lena mbealach a dhéanamh trí dhúshlán mhatamaiticiúla go muiníneach. Trí thabhairt ar do pháiste gníomhaíochtaí comhairimh a dhéanamh, cothaítear cumas réitigh fadhbanna agus réasúnaíochta freisin. Is iad na scileanna seo na bloic thógála don fhoghlaim níos doimhne, rud a chruthaíonn bunús láidir d'aistear foghlama matamaitice do pháiste.



SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM




- Tapaigh deiseanna a bheith ag comhaireamh le do pháiste i gcásanna laethúla, m.sh., *cuntais líon na bplátaí, na gcupán, srl. atá as teastáil leis an mbord a chóiriú, déan boinn a chomhaireamh le feiceáil má tá go leor ann le mílseáin a cheannach, cuntais na píosaí de mhíreanna mearaí nuair atá tú ag glanadh suas le feiceáil nach bhfuil aon rud ar iarraidh.*
- Roimh siopadóireacht bhia, iarr ar do pháiste cabhrú leat liosta a scríobh de na rudaí atá ag teastáil, cainníochtaí san áireamh. I rith an turais siopadóireachta, tacaigh le do pháiste chun an bille deiridh a mheas. Ina dhiaidh sin, déan athbhreithniú agus plé ar an admháil.
- Éist le ranta do pháistí agus amhráin choitianta a thacaíonn le comhaireamh, m.sh., *One, Two, Buckle My Shoe, Five Little Monkeys, Count on Me.*
- Cuir Tóraíocht Taisce Chomhairimh ar bun trí liosta míreanna a thabhairt do do pháistí le haimsiú, m.sh., *cúig mhír ghorma, deich mír bhoga, srl.*
- Fiosaigh 'fuaim na n-uimhreacha' trí chiúbanna a scaoileadh isteach i gcanna stáin le haghaidh comhaireamh tostach.
- Spreag scileanna tobmheastóireachta, m.sh., *taispeáin cárta, díse, dúradán, srl. do do pháiste go tapa agus spreag iad le 'cá mhéad' a chonaic siad a insint duit.*
- Cuir dúshlán roimh do pháiste buille faoi thuairim a thabhairt faoi 'uimhir rúnda' trí cheisteanna a chur faoina airíonna, m.sh., *an bhfuil sé níos lú ná 5? An uimhir 2 dhigit í? An bhfuil sé idir 20 agus 30?*
- Labhair le do pháiste faoi chuir chuige maidir le meabhair-áirimh de réir mar a thagann siad chun cinn, m.sh., *cad a rinne tú i do cheann chun 35 agus 37 a chur le chéile? Tá a fhios agam gurb ionann 35 móide 35 agus 70, agus ansin chuir mé dó eile leis.*



LEABHAIR


- *Ten Apples Up On Top!*, Dr. Seuss, 4+ bliana d'aois
- *Have You Seen My Dragon?*, Steve Light, 4+ bliana d'aois
- *One is a Snail, Ten is a Crab: A Counting by Feet Book*, April Pulley Sayre agus Jeff Sayre, 4+ bliana d'aois
- *1, 2, 3 to the Zoo*, Eric Carle, 4+ bliana d'aois
- *Leaping Lizards*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d'aois
- *Double the Ducks*, Stuart J. Murphy, 5+ bliana d'aois
- *More or Less*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois

*Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt



CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Cluichí liathróide: Pasáil liathróid ar aghaidh agus siar agus cuntais os ard, ag baint úsáid as seichimh éagsúla cosúil le comhaireamh chun tosaigh agus siar, comhaireamh i leathuimhreacha, in aonta, i ndónna, agus gcúigeanna. Is é an sprioc a fheiceáil cé chomh hard is féidir leat a chomhaireamh i dtréimhse shocraithe gan botúin a dhéanamh.
- Dúshláin Mheastacháin: Téigh i gcomórtas cairdiúil le do pháiste chun tacair gnáthruaí cosúil le prócaí mirlíní, cairn leabhar, srl. a gharmheas. Spreag páistí chun meastacháin tosaigh a dhéanamh agus ansin cuntais an líon iarbhir chun comparáid a dhéanamh.
- Cluichí clasaiceacha a bhaineann le huimhriú agus comhaireamh ar nós Connect 4, Monopoly, Snap, Go Fish, Scrabble agus Junior Scrabble, srl.
- Puzail amhail ceangail na poncanna nó aimsigh na difríochtaí.



AG FOGHLAIM AR LÍNE


- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet <https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/>
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes <https://haveyougotmathseyes.com/>

Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne: uimhriú, comhaireamh, uimhreas, foghlaim, bunscoil, matamaitic, cainníochtaí, grúpáil, meastachán, comhaireamh chun tosaigh, comhaireamh siar, cluichí, gníomhaíochtaí



ELAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Colláis Chomhairimh: Cuir irisí, nuachtáin, nó íomhanna clóite ar fáil. Tá ar na páistí pictiúir de rudaí a ghearradh amach agus iad a shocrú i dtacair bunaithe ar uimhir ar leith. Is féidir leo na pictiúir a ghreamú ar chlár póstaer nó ar pháipéar agus gach tacar a lipéadú leis an uimhir chomhfhreagrach.
- Bráisléid Chomhairimh: Tabhair coiríní agus teaghrán do do pháiste le bráisléid a dhéanamh. Cuntais na coiríní de réir mar a cheanglaíonn siad le chéile le sreangán iad agus bráisléid le líon ar leith coiríní a chruthú.
- Leabhair Scéalta Comhairimh: Spreag do pháiste chun a gcuid leabhar scéalta comhairimh féin a chruthú trí scéal a mhaisiú le líon sonrach carachtar, rudaí, nó imeachtaí ar gach leathanach. Is féidir leo an uimhir chomhfhreagrach a scríobh in aice le gach léaráid.
- Ochtapas Cheerio: Cheerios a chur le gach braiteog d'ochtapas.



DO CHUID SMAOINTE FÉIN

A large empty rectangular box with a light blue border, intended for students to write their reflections or thoughts.

